Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/901

27.4.2026

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/901 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Aibreán 2026**

**maidir le caighdeáin Eorpacha le haghaidh táirgí arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), go háirithe Airteagal 10(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) in ionad Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) gan an ceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 3 den Treoir sin a athrú.

(2) Le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2023/988 ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha nach ndéanfaidh siad ach táirgí tomhaltais sábháilte a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh.

(3) Le hAirteagal 7(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/988, foráiltear go dtoimhdeofar go bhfuil táirge sábháilte má tá sé i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha ábhartha nó codanna díobh a mhéid a bhaineann leis na rioscaí agus na catagóirí riosca a chumhdaítear leis na caighdeáin sin, ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 10(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

(4) De bhun Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2023/988, tá an Coimisiún le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinntear na ceanglais sábháilteachta shonracha atá le cumhdach le caighdeáin Eorpacha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na táirgí atá i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha sin an ceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2023/988.

(5) Ar bhonn Chinneadh 2011/479/AE ón gCoimisiún ([4]) lena leagtar síos na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh sna caighdeáin Eorpacha le haghaidh trealamh gleacaíochta, d'iarr an Coimisiún, le litir M/507 an 5 Meán Fómhair 2012, ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú ('CEN') caighdeáin Eorpacha maidir le trealamh gleacaíochta a chur le chéile.

(6) Tar éis na hiarrata sin, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin EN 915:2008 agus EN 12196:2003. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán EN 915:2024 le haghaidh barraí neamhshiméadracha agus caighdeán EN 12196:2023 le haghaidh capall agus gearrchapall.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle (IO L 135, 23.5.2023, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/988/oj).

([3]) Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/95/oj).

([4]) Cinneadh 2011/479/AE ón gCoimisiún an 27 Iúil 2011 maidir leis na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh sna caighdeáin Eorpacha le haghaidh trealamh gleacaíochta de bhun Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 197, 29.7.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/479/oj).

(7) Ar bhonn Cinneadh 2008/264/CE ón gCoimisiún ([5]) lena leagtar síos na ceanglais sábháilteachta dóiteáin atá le comhlíonadh ag caighdeáin Eorpacha le haghaidh toitíní, d'iarr an Coimisiún, le litir M/425 an 27 Meitheamh 2008, ar CEN caighdeáin Eorpacha maidir leis na ceanglais sábháilteachta dóiteáin le haghaidh toitíní a tharraingt suas.

(8) Tar éis na hiarrata sin, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán EN 16156:2010. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán EN 16156:2024 maidir le claonadh dóite.

(9) Ar bhonn Chinneadh 2013/121/AE ón gCoimisiún ([6]) lena leagtar síos na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh ag caighdeáin Eorpacha le haghaidh suíocháin áirithe do leanaí, d'iarr an Coimisiún, le Cinneadh Cur Chun Feidhme an 22 Iúil 2014 ([7]), ar CEN, Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) agus Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) caighdeáin Eorpacha maidir le sábháilteachta suíochán áirithe do leanaí a dhréachtú.

(10) Tar éis na hiarrata sin, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán EN 14988:2017+A1:2020. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán EN 14988:2017+A2:2024 maidir le ceanglais agus tástáil le haghaidh ardchathaoireacha.

(11) Rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhar le CEN, i dtaobh an gcomhlíonann na caighdeáin Eorpacha athbhreithnithe a dhréachtaigh CEN iarrataí an Choimisiúin.

(12) Comhlíonann caighdeáin Eorpacha EN 915:2024, EN 12196:2023, EN 14988:2017+A2:2024 agus EN 16156:2024 an ceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2023/988 agus na ceanglais sábháilteachta shonracha a leagtar síos i gCinntí 2008/264/CE, 2011/479/AE agus 2013/121/AE faoi seach. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(13) Tá caighdeáin Eorpacha EN 915:2024, EN 12196:2023, EN 14988:2017+A2:2024 agus EN 16156:2024 le teacht in ionad caighdeáin EN 915:2008, EN 12196:2003, EN 14988:2017+A1_2020 agus EN 16156:2010. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin dheiridh sin a tharraingt siar as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(14) Mar sin féin, chun a ndóthain ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a ullmhú chun na caighdeáin athbhreithnithe a chur i bhfeidhm, is gá tarraingt siar na dtagairtí do chaighdeáin Eorpacha EN 915:2008, EN 12196:2003, EN 14988:2017+A1:2020 agus EN 16156:2010 as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a chur siar.

(15) Ar chúiseanna soiléireachta agus deimhneachta dlíthiúla, maidir le liosta iomlán de na tagairtí do chaighdeáin Eorpacha a dréachtaíodh ar dtús chun tacú le Treoir 2001/95/CE, agus a leanann de thoimhde a sholáthar go gcomhlíontar an ceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2023/988, ba cheart an liosta sin a fhoilsiú i ngníomh amháin. Dá bhrí sin, na tagairtí do chaighdeáin Eorpacha a foilsíodh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 ón gCoimisiún ([8]), ba cheart na tagairtí sin a chuimsiú sa Chinneadh seo freisin, is é sin trína mbailíocht a dheimhniú nó trí dháta a leagan síos ar a ndéanfar iad a tharraingt siar as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá réir sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 a aisghairm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, ach ba cheart feidhm a bheith aige go fóill i leith tagairtí do chaighdeáin a bheidh, faoin gCinneadh seo, le tarraingt siar ar dháta is déanaí.

(16) Is éard a thugtar le fios le caighdeán Eorpach a chomhlíonadh, a mhéid a bhaineann leis na rioscaí agus na catagóirí riosca ábhartha, go bhfuil toimhde comhréire ann leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2023/988 ón dáta a fhoilsítear tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

---

([5]) Cinneadh 2008/264/CE ón gCoimisiún an 25 Márta 2008 maidir leis na ceanglais sábháilteachta dóiteáin atá le comhlíonadh sna caighdeáin Eorpacha le haghaidh toitíní de bhun Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 26.3.2008, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/264/oj).

([6]) Cinneadh 2013/121/AE ón gCoimisiún an 7 Márta 2013 maidir leis na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh sna caighdeáin Eorpacha le haghaidh suíocháin áirithe i gcomhair leanaí de bhun Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 65, 8.3.2013, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/121(1)/oj).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 22 Iúil 2014 maidir le hiarraidh um chaighdeánú, ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, caighdeáin Eorpacha a dhréachtú le haghaidh suíocháin áirithe i gcomhair leanaí, mar thacaíocht le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, C(2014) 5058 final.

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2019 maidir le caighdeáin Eorpacha le haghaidh táirgí arna ndréachtú mar thacaíocht le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 259, 10.10.2019, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1698/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na tagairtí do chaighdeáin Eorpacha le haghaidh táirgí arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2023/988, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear iad leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698.

Mar sin féin, na tagairtí do chaighdeáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, leanfaidh Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 d'fheidhm a bheith aige maidir leis na tagairtí sin go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2027.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Aibreán 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 1. | EN 716-1:2017+AC:2019<br>Troscán - Cliabháin leanaí agus cliabháin fhillteacha le haghaidh úsáid tí - Cuid 1: Riachtanais sábháilteachta |
| 2. | EN 913:2018<br>Trealamh gleacaíochta — Riachtanais sábháilteachta ghinearálta agus modhanna tástála |
| 3. | EN 913:2018+A1:2021<br>Trealamh gleacaíochta – Riachtanais sábháilteachta ghinearálta agus modhanna tástála |
| 4. | EN 914:2020<br>Trealamh gleacaíochta – Barraí comhthreomhara agus barraí neamhshiméadracha/comhthreomhara comhcheangailte – Riachtanais agus modhanna tástála agus sábháilteacht san áireamh |
| 5. | EN 915:2024<br>Trealamh gleacaíochta - Barraí neamhshiméadracha - Riachtanais agus modhanna tástála agus sábháilteacht san áireamh |
| 6. | EN 916:2003<br>Trealamh gleacaíochta — Boscaí lámhléime — Riachtanais agus modhanna tástála agus sábháilteacht san áireamh |
| 7. | EN 957-2:2003<br>Trealamh traenála seasta — Cuid 2: Trealamh traenála nirt, ceanglais bhreise sábháilteachta faoi leith agus modhanna tástála |
| 8. | EN 957-6:2010+A1:2014<br>Trealamh traenála seasta - Cuid 6: Meaisíní reatha, ceanglais bhreise sábháilteachta faoi leith agus modhanna tástála |
| 9. | EN 957-7:1998<br>Trealamh traenála seasta - Cuid 7: Meaisíní rámhaíochta, ceanglais bhreise sábháilteachta faoi leith agus modhanna tástála |
| 10. | EN 1129-1:1995<br>Troscán — Leapacha infhillte — Riachtanais sábháilteachta agus tástáil — Cuid 1: Riachtanais sábháilteachta |
| 11. | EN 1129-2:1995<br>Troscán — Leapacha infhillte — Riachtanais sábháilteachta agus tástáil — Cuid 2: Modhanna tástála |
| 12. | EN 1130:2019<br>Troscán leanaí – Cliabháin – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála<br>EN 1130:2019/AC:2020 |
| 13. | EN 1272:2017<br>Earraí cúram leanaí – Cathaoireacha feistithe ar tháblaí – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 14. | EN 1400:2013+A2:2018<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí – Gobáin do leanaí agus do pháistí óga – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 15. | EN 1466:2014<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí – Cliabháin láimhe agus seastáin – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála<br>EN 1466:2014/AC:2015 |
| 16. | EN 1930:2011<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí — Bacainní sábháilteachta — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 17. | EN 12196:2023<br>Trealamh gleacaíochta - Capaill agus gearrchapaill - Riachtanais sábháilteachta agus fheidhmiúla, modhanna tástála |
| 18. | EN 12197:1997<br>Trealamh gleacaíochta — Barraí cothrománacha — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 19. | EN 12221-1:2008+A1:2013<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí — Aonaid athraithe le haghaidh úsáid tí — Cuid 1: Riachtanais sábháilteachta |

| Uim-h. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 20. | EN 12221-2:2008+A1:2013<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí — Aonaid athraithe le haghaidh úsáid tí — Cuid 2: Modhanna tástála |
| 21. | EN 12346:1998<br>Trealamh gleacaíochta — Barraí balla, dréimirí laitíse agus frámaí dreapadóireachta — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 22. | EN 12432:1998<br>Trealamh gleacaíochta — Bíomaí cothromúcháin — Riachtanais sábháilteachta agus fheidhmiúla, modhanna tástála |
| 23. | EN 12655:1998<br>Trealamh gleacaíochta — Fonsaí crochta — Riachtanais sábháilteachta agus fheidhmiúla, modhanna tástála |
| 24. | EN 12790-1:2023<br>Earraí cúraim leanaí – Cliabháin chlaonta – Cuid 1: Cliabháin chlaonta do leanaí suas leis an aois nuair a dhéanann siad iarracht chun suí suas |
| 25. | EN 12790-2:2023<br>Earraí cúraim leanaí – Cliabháin chlaonta – Cuid 2: Cliabháin chlaonta do leanaí suas leis an aois nuair a thosaíonn siad chun seasamh |
| 26. | EN 13120:2009+A1:2014<br>Dalla inmheánacha — Ceanglais feidhmíochta lena n-áirítear sábháilteacht |
| 27. | EN 13209-1:2004<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí — Iompróirí leanaí — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála — Cuid 1: Iompróirí droma frámaithe |
| 28. | EN 13209-2:2015<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí — Iompróirí leanaí — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála — Cuid 2: Iompróir bog |
| 29. | EN 13219:2008<br>Trealamh gleacaíochta — Trampailíní — Riachtanais sábháilteachta agus fheidhmiúla, modhanna tástála |
| 30. | EN 13319:2000<br>Oiriúintí tumadóireachta — Tomhsairí doimhneachta agus gairis tomhais doimhneachta agus ama chomhcheangailte — Riachtanais feidhme agus sábháilteachta, modhanna tástála |
| 31. | EN 13869:2016<br>Lastóirí — Ceanglais sábháilteachta leanaí maidir le lastóirí — Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 32. | EN 13899:2003<br>Trealamh spóirt rollála — Scátálaí rollála — Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 33. | EN 14059:2002<br>Lampaí ola maisiúla — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 34. | EN 14344:2004<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí — Suíocháin leanaí do rothair — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 35. | EN 14344:2022<br>Earraí cúraim leanaí – Suíocháin leanaí do rothair – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 36. | EN 14350-1:2004<br>Earraí cúram agus úsáide leanaí — Trealamh óil — Cuid 1: Riachtanais ghinearálta agus mheicniúla agus tástálacha |
| 37. | EN 14682:2014<br>Sábháilteacht éadaí páistí — Cordaí agus iallacha tarraingthe ar éadaí páistí — Sonraíochtaí |
| 38. | EN 14988:2017+A2:2024<br>Ardchathaoireacha leanaí - Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 39. | EN 16120:2012+A2:2016<br>Earraí úsáide agus cúraim maidir le leanaí – Suíochán feistithe ar chathaoir |

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 40 | EN 16156:2024<br>Toitíní - An claonadh dóite a mheasúnú - Riachtanas sábháilteachta |
| 41. | EN 16281:2013<br>Táirgí cosanta leanaí — Gairis glasála sábháilteachta leanaí a threoraítear ag tomhaltóirí le haghaidh fuinneog agus doirse balcóiní — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 42. | EN 16433:2014<br>Dalla inmheánacha — Cosaint ar ghuaiseacha tachta — Modhanna tástála |
| 43. | EN 16434:2014<br>Dalla inmheánacha — Cosaint ar ghuaiseacha tachta — Ceanglais agus modhanna tástála le haghaidh feistí sábháilteachta |
| 44. | EN 16890:2017<br>Troscán leanaí — Tochtanna do chliabháin — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 45. | EN 16890:2017+A1:2021<br>Troscán leanaí – Tochtanna do chliabháin – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 46. | EN 17022:2018<br>Earraí cúram leanaí — Áiseanna folctha — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 47. | EN 17072:2018<br>Earraí cúram leanaí — Tobáin folctha, seastáin agus áiseanna folctha spleácha — Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 48. | EN 17191:2021<br>Troscán leanaí – Suíochánra do leanaí – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála |
| 49. | EN 50689:2021<br>Sábháilteacht táirgí léasair – Riachtanais Shainiúla do Tháirgí Léasair do Thomhaltóirí |
| 50. | EN IEC 62368-1:2020<br>Trealamh fuaime/físe, teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide – Cuid 1: Riachtanais sábháilteachta<br>EN IEC 62368-1:2020/A11:2020<br>Fógra: ní bhaineann an foilseachán seo ach le clásail 3.3.19 'Neamhchosaint ar thorann' agus 10.6 'Coimirciú i gcoinne foinsí fuinnimh fuaime' de EN IEC 62368-1:2020/A11:2020. |
| 51. | EN ISO 4210-1:2014<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 1: Téarmaí agus sainmhínithe (ISO 4210-1:2014) |
| 52. | EN ISO 4210-2:2015<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 2: Riachtanais maidir le rothair chathrach agus fálróide, aosaigh óig, sléibhe agus rásaíochta (ISO 4210-2:2015) |
| 53. | EN ISO 4210-3:2014<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 3: Modhanna tástála coiteanna (ISO 4210-3:2014) |
| 54. | EN ISO 4210-4:2014<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 4: Modhanna tástála coiscthe (ISO 4210-4:2014) |
| 55. | EN ISO 4210-5:2014<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 5: Modhanna tástála stiúrtha (ISO 4210-5:2014, Leagan ceartaithe 2015-02-01) |
| 56. | EN ISO 4210-6:2015<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 6: Modha tástála fráma agus gabhail (ISO 4210-6:2015) |
| 57. | EN ISO 4210-7:2014<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 7: Modhanna tástála rothaí agus fonsaí (ISO 4210-7:2014) |

| Uim-h. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 58. | EN ISO 4210-8:2014<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 8: Modhanna tástála troitheán agus córais tiomána (ISO 4210-8:2014) |
| 59. | EN ISO 4210-9:2014<br>Rothair — Riachtanais sábháilteachta maidir le rothair — Cuid 9: Modhanna tástála diallaití agus colúin suíocháin (ISO 4210-9:2014) |
| 60. | EN ISO 8098:2014<br>Rothair — Riachtanais sábháilteacht maidir le rothair le haghaidh leanaí óga (ISO 8098:2014) |
| 61. | EN ISO 9994:2019<br>Lastóirí – Sonraíocht sábháilteachta (ISO 9994:2018) |
| 62. | EN ISO 11243:2016<br>Rothair — Iompróirí bagáiste le haghaidh rothar— Riachtanais agus modhanna tástála (ISO 11243:2016) |
| 63. | EN ISO 12863:2010<br>Modh caighdeánach tástála chun measúnú a dhéanamh ar chlaonadh adhainte toitíní (ISO 12863:2010)<br>EN ISO 12863:2010/AC:2011<br>EN ISO 12863:2010/A1:2016 |
| 64. | EN ISO 20957-1:2013<br>Trealamh traenála seasta — Cuid 1: Ceanglais ghinearálta sábháilteachta agus modhanna tástála (ISO 20957-1:2013) |
| 65. | EN ISO 20957-4:2016<br>Trealamh traenála seasta — Cuid 4: Binsí traenála nirt, ceanglais bhreise sábháilteachta faoi leith agus modhanna tástála (ISO 20957-4:2016) |
| 66. | EN ISO 20957-5:2016<br>Trealamh traenála seasta — Cuid 5: Rothair aclaíochta sheasta agus trealamh traenála chromán an choirp uachtaraigh, ceanglais bhreise sábháilteachta faoi leith agus modhanna tástála (ISO 20957-5:2016) |
| 67. | EN ISO 20957-8:2017<br>Trealamh traenála seasta — Cuid 8: Meaisíní troitheán, dreapadóirí staighre agus dreapadóir — Ceanglais bhreise sábháilteachta faoi leith agus modhanna tástála (ISO 20957-8:2017) |
| 68. | EN ISO 20957-9:2016<br>Trealamh traenála seasta — Cuid 9: Traenálaithe éilipseacha, ceanglais bhreise sábháilteachta faoi leith agus modhanna tástála (ISO 20957-9:2016)<br>EN ISO 20957-9:2016/A1:2019 |
| 69. | EN ISO 20957-10:2017<br>Trealamh traenála seasta — Cuid 10: Rothair aclaíochta le roth seasta nó gan saor-roth — Ceanglais bhreise sábháilteachta faoi leith agus modhanna tástála (ISO 20957-10:2017) |
| 70. | EN ISO 25649-1:2017<br>Earraí fóillíochta snámha le húsáid ar uisce agus in uisce — Cuid 1: Aicmiú, ábhair, riachtanais ghinearálta agus modhanna tástála (ISO 25649-1:2017) |
| 71. | EN ISO 25649-2:2017<br>Earraí fóillíochta snámha le húsáid ar uisce agus in uisce — Cuid 2: Faisnéis do thomhaltóirí (ISO 25649-2:2017) |
| 72. | EN ISO 25649-3:2017<br>Earraí fóillíochta snámha le húsáid ar uisce agus in uisce — Cuid 3: Riachtanais sábháilteachta shainiúla bhreise agus modhanna tástála do ghairis Aicme A (ISO 25649-3:2017) |
| 73. | EN ISO 25649-4:2017<br>Earraí fóillíochta snámha le húsáid ar uisce agus in uisce — Cuid 4: Riachtanais sábháilteachta shainiúla bhreise agus modhanna tástála do ghairis Aicme B (ISO 25649-4:2017) |

| Uim-h. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 74. | EN ISO 25649-5:2017<br>Earraí fóillíochta snámha le húsáid ar uisce agus in uisce — Cuid 5: Riachtanais sábháilteachta shainiúla bhreise agus modhanna tástála do ghairis Aicme C (ISO 25649-5:2017) |
| 75. | EN ISO 25649-6:2017<br>Earraí fóillíochta snámha le húsáid ar uisce agus in uisce — Cuid 6: Riachtanais sábháilteachta shainiúla bhreise agus modhanna tástála do ghairis Aicme D (ISO 25649-6:2017) |
| 76. | EN ISO 25649-7:2017<br>Earraí fóillíochta snámha le húsáid ar uisce agus in uisce — Cuid 7: Riachtanais sábháilteachta shainiúla bhreise agus modhanna tástála do ghairis Aicme E (ISO 25649-7:2017) |

*IARSCRÍBHINN II*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 1. | EN 915:2008<br>Trealamh gleacaíochta — Barraí neamhshiméadracha — Riachtanais agus modhanna tástála agus sábháilteacht san áireamh | an 27 Deireadh Fómhair 2027 |
| 2. | EN 12196:2003<br>Trealamh gleacaíochta — Capaill agus gearrchapaill — Riachtanais sábháilteachta agus fheidhmiúla, modhanna tástála | an 27 Deireadh Fómhair 2027 |
| 3. | EN 14988:2017+A1:2020<br>Ardchathaoireacha leanaí – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála | an 27 Deireadh Fómhair 2027 |
| 4. | EN 16156:2010<br>Toitíní — An claonadh dóite a mheasúnú — Riachtanas sábháilteachta | an 27 Deireadh Fómhair 2027 |